Na Scileanna Traschuraclaim a Mheasúnú

Curaclam
Thuaisceart Éireann

Treoir maidir leis an Mheasúnú

Tacaíocht do Scoileanna maidir leis na Riachtanais Reachtúla Mheasúnaithe agus Tuairiscithe a Chomhlíonadh

An Bhonnchéim go dtí Eochairchéim 3

Ábhar

Réamhrá 3

Cuid a hAon: Treoir do Mhúinteoirí 5

1.1 Forbhreathnú 6
1.2 Na Scileanna Traschuraclaim 8
1.3 Na Leibhéil de Dhul Chun Cinn agus na Scileanna Traschuraclaim 9
1.4 Measúnú agus Tuairisciú ar na Réimsí Foghlama agus na Scileanna Eile 10
1.5 Measúnú Ríomhairithe: Blianta 4-7 10
1.6 Measúnú agus Tuairisciú: Blianta 1-10 11
1.7 Tuairisciú chuig Tuismitheoirí/Caomhnóirí 16

Cuid a Dó: Treoir do Chomhordaitheoirí 19

2.1 Timthriall na Foghlama, an Teagaisc agus an Mheasúnaithe 20
2.2 Cuspóirí an Mheasúnaithe 21
2.3 Pleanáil don Mheasúnú 22
2.4 Measúnú i gcás Daltaí a bhFuil Sainriachtanais Oideachais acu 23
2.5 Ábhair Mheasúnaithe 23

Cuid a Trí: Treoir do Chomhordaitheoirí Eochairchéime, Foirne Ardbhainistíochta agus Boird Ghobharnóirí 25

3.1 Sonraí Measúnaithe a Úsáid ar bhonn Iomlán Scoile/Eochairchéime 26
3.2 Féinmheastóireacht ar Chleachtas Measúnaithe 26

Cuid a Ceathair: Modhnóireacht 27

4.1 Modhnóireacht 28
4.2 Cuspóir na Modhnóireachta 28
4.3 Dearbhú Cáilíochta: Caighdeánú Inmheánach 28
4.4 Rialú Cáilíochta: Modhnóireacht Sheachtrach 28

Aguisíní 29

1 Reachtaíocht agus Ciorcláin na Roinne Oideachais 30
2 Féinmheastóireacht Scoile ar Chleachtas Measúnaithe (ar mhaithe le cúrsaí léiriúcháin amháin) 31

Iartheacs 37

Mórphictiúr an Mheasúnaithe agus an Tuairiscithe 38

Ábhar Gaolmhar

Ba chóir an leabhrán seo a úsáid in éineacht le Riachtanais Reachtúla Churaclam Thuaisceart Éireann. Tá na cáipéisí seo a leanas ar fáil ag **www.nicurriculum.org.uk**



Curaclam Thuaisceart Éireann Bunscolaíocht (Gaelscolaíocht)



The Statutory Curriculum at Key Stage 3: Rationale and Detail

Le teacht go luath ...

Socruithe Measúnaithe maidir le Daltaí sna Blianta Deiridh d'Eochairchéimeanna 1 agus 2

Socruithe Measúnaithe maidir le Daltaí sa Bhliain Deiridh d'Eochairchéim 3

Réamhrá

An Cuspóir atá leis an Leabhrán seo

Is é is cuspóir leis an leabhrán seo, na socruithe reachtúla measúnaithe a bhaineann leis na Scileanna Traschuraclaim seo a leanas a leagan amach agus a mhíniú:

- Cumarsáid agus Úsáid na Matamaitice atá le tabhairt isteach ó 2012/2013; agus
- Úsáid TFC atá le tabhairt isteach ó 2013/14.

Tógann an t-eolas a bhaineann le measúnú reachtúil agus an treoir neamhreachtúil a chuirtear ar fáil, ar an chleachtas éifeachtach atá i scoileanna cheana féin. Tá cur síos ar na riachtanais a bhaineann le tuairisciú chuig tuismitheoirí agus caomhnóirí ann fosta.

Is féidir teacht ar reachtaíocht agus ar Chiorcláin na Roinne Oideachais (RO) maidir le Measúnú agus Tuairisciú ann fosta (féach Aguisín 1).

Aidhm agus Prionsabail an Mheasúnaithe

Is é is aidhm leis na socruithe measúnaithe seo cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin na ndaltaí. Ba chóir an fhaisnéis a fhaightear trí mheasúnú a dhéanamh ar chaighdeáin daltaí a úsáid le forbairt a dhéanamh ar pholasaí agus ar chleachtas ionas go dtiocfaidh feabhas ar thorthaí na ndaltaí.

Ba chóir dul i mbun measúnú reachtúil de réir na bprionsabal seo a leanas:

- ba chóir go mbeadh an measúnú ag teacht agus ag tacú le croí-aidhmeanna Churaclam Thuaisceart Éireann;
- ba chóir go mbeadh an measúnú fóirsteanach;
- ba chóir go mbeadh an measúnú soláimhsithe;
- ba chóir breithiúnais ghairmiúla múinteora a bheith mar chúltaca aige, breithiúnais atá comhsheasmhach agus iontaofa; agus
- ba chóir go mbeadh an measúnú cuí ag gach leibhéal ar mhaithe le freagracht ar fud an chórais.

Cuspóir an Mheasúnaithe

Tá ról ríthábhachtach ag an mheasúnú maidir le cuidiú le scoileanna torthaí a fheabhsú. Má bhíonn múinteoirí eolach ar ghnóthachtáil daltaí aonair tig leo straitéisí a chur i bhfeidhm le cuidiú leo dul i bhfeabhas. Ar an dóigh seo, cuirtear feabhas chun tosaigh ag leibhéal an ranga, ansin ag leibhéal na scoile, rud a fhágann go dtig leis an scoil spriocanna dáiríre, dúshlánacha a leagan síos sa Phlean Forbartha Scoile.

Tá ról lán chomh tábhachtach ag an mheasúnú shuimitheach. Fágann measúnú suimitheach gur féidir le scoileanna monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn daltaí aonair agus gur féidir tuismitheoirí agus daltaí a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn, go háirithe ag deireadh eochairchéime. Faightear faisnéis thábhachtach ón mheasunú shuimitheach ar éifeachtacht iomlán an chórais oideachais maidir le leibhéil chuí eolais agus scileanna a sholáthar do dhaltaí sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Díríonn na socruithe reachtúla don mheasúnú shuimitheach ar dhul chun cinn daltaí sna scileanna litearthachta, uimhearthachta agus TFC a bheidh de dhíth orthu sa saol mór agus i saol na hoibre. Tá cur síos ar na scileanna seo sna *Leibhéil de Dhul Chun Cinn maidir leis na Scileanna Traschuraclaim: Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC.*

Cuid a hAon:
Treoir do Mhúinteoirí

1.1 Forbhreathnú

Measúnú Reachtúil agus Tuairisciú Reachtúil
Measúnú
Dul chun cinn daltaí a mheasúnú i ngach ceann de na Réimsí Foghlama.
Dul chun cinn daltaí a mheasúnú sna Scileanna Traschuraclaim: Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC[1] (féach leathanach 11).
Dul chun cinn daltaí a mheasúnú sna Scileanna Traschuraclaim: Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC, **trí thagairt a dhéanamh do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.**
Dul chun cinn daltaí a mheasúnú trí thagairt a dhéanamh do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn, agus tuairisciú[2] a dhéanamh ar na torthaí uimhriúla a baineadh amach sna Scileanna Traschuraclaim: Cumarsáid[3], Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC.
Dul chun cinn daltaí a mheasúnú sna Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta).
Na measúnuithe ríomhairithe reachtúla a riar i dtéarma an fhómhair.
Tuairisciú chuig Tuismitheoirí
Tuairisc a chur ar fáil i scríbhinn, i dtaca le torthaí na measúnuithe ríomhairithe reachtúla agus cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí bualadh leat leis na torthaí sin a phlé faoi dheireadh théarma an fhómhair.
Cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí bualadh leat le dul chun chinn a bpáiste a phlé.
Tuairisc Bhliantúil a sholáthar do thuismitheoirí faoi 30 Meitheamh (féach leathanach 16).
An Leibhéal de Dhul Chun Cinn atá bainte amach ag gach dalta sa Chumarsáid[4], in Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid TFC a lua sa Tuairisc Bhliantúil. Caithfidh ráiteas a bheith sa Tuairisc Bhliantúil fosta faoin chéatadán de dhaltaí i mBliain 4, Bliain 7 agus Bliain 10 sa scoil: • a bhain amach leibhéal áirithe sa Scil Traschuraclaim sin; • a bhain amach an leibhéal ionchais nó leibhéal níos airde ná sin sa Scil Traschuraclaim sin; • a d'oibrigh i dtreo an leibhéil ionchais ag deireadh Bhlianta 4, 7 agus 10, ach nár bhain amach an leibhéal sin go fóill sa Scil Traschuraclaim sin; agus • atá díolmhaithe ó mheasúnú sa Scil Traschuraclaim sin.

[1] Tá treoir ar fáil ach an foilsiúchán *Céimeanna Forbartha na Foghlama don Bhonnchéim* a cheadú ag **www.nicurriculum.org.uk**

[2] Caithfear na Leibhéil de Dhul Chun Cinn faoi choinne Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC a thuairisciú chuig tuismitheoirí, chuig CCEA agus, ag deireadh Eochairchéim 2, chuig na hiar-bhunscoileanna cuí.

[3] I gcás Gaelscoileanna agus aonaid Ghaelscolaíochta, níl i gceist leis na leibhéil a bhronnfar ar dhaltaí ag deireadh Eochairchéim 1 ach cumarsáid trí mheán na Gaeilge. Cumarsáid trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon a bheidh i gceist ag deireadh Eochairchéimeanna 2 agus 3.

[4] I gcás Gaelscoileanna agus aonaid Ghaelscolaíochta, ag deireadh Eochairchéim 1, is faoi choinne Gaeilge amháin ba chóir leibhéil a thuairisciú sa Chumarsáid. Ag deireadh Eochairchéimeanna 2 agus 3 ba chóir leibhéil sa Chumarsáid a thuairisciú faoi choinne Gaeilge agus Béarla araon.

	an Bhonnchéim		Eochairchéim 1		Eochairchéim 2			Eochairchéim 3		
	Bl 1	Bl 2	Bl 3	Bl 4	Bl 5	Bl 6	Bl 7	Bl 8	Bl 9	Bl 10
	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
	✓	✓								
			✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
				✓			✓			✓
	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
				✓	✓	✓	✓			
				✓	✓	✓	✓			
	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
				✓			✓			✓

1.2 Na Scileanna Traschuraclaim

Cumarsáid
Is é atá i gceist le Cumarsáid ná, Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt, Léitheoireacht agus Scribhneoireacht i réimse comhthéacsanna trasna an churaclaim. Déantar cumas daltaí sa Litearthacht a thomhas tríd an Scil Traschuraclaim, Cumarsáid.[5]

Úsáid na Matamaitice
Cuireann Úsáid na Matamaitice síos ar chumas daltaí eolas agus scileanna matamaitice a chur i bhfeidhm i réimse comhthéacsanna fíora. Déantar cumas daltaí san Uimhearthacht a thomhas trí Úsáid na Matamaitice, Scil Traschuraclaim.[6]

Úsáid TFC
Cuireann Úsáid TFC síos ar chumas daltaí faisnéis a úsáid agus a chur in iúl, fadhbanna a réiteach agus ceisteanna a chur trí theicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla trasna an churaclaim. Cuimsítear ann comhoibriú taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga, rud a thugann deis do dhaltaí obair a roinnt agus a mhalartú agus a gcuid eolais a thaispeáint. Déantar cumas daltaí in TFC a thomhas tríd an Scil Traschuraclaim, Úsáid TFC.

Trasna an Churaclaim

Ba chóir réimse deiseanna foghlama a chur ar fáil do dhaltaí leis na Scileanna Traschuraclaim a shealbhú agus a fhorbairt i gcomhthéacsanna éagsúla. An uair a bheidh an sealbhú agus an fhorbairt i gcrích, ba chóir do mhúinteoirí deiseanna a sholáthar do dhaltaí le go dtig leo na Scileanna Traschuraclaim a thaispeáint i réimse de chomhthéacsanna cuí dáiríre.

[5] I gcás bhliain deiridh Eochairchéim 3, glactar leis go mbeidh Roinn na Gaeilge agus Roinn an Bhéarla ar thús cadhnaíochta maidir le Cumarsáid a mheasúnú, agus go mbeidh cuidiú ann ó ranna eile.

[6] I gcás bhliain deiridh Eochairchéim 3, glactar leis go mbeidh Roinn na Matamaitice ar thús cadhnaíochta maidir le Úsáid na Matamaitice a mheasúnú, agus go mbeidh cuidiú ann ó ranna eile.

1.3 Na Leibhéil de Dhul Chun Cinn agus na Scileanna Traschuraclaim



Na Leibhéil Ionchais:	
Deireadh Eochairchéim 1/Bliain 4	Leibhéal 2[7]
Deireadh Eochairchéim 2/Bliain 7	Leibhéal 4[8]
Deireadh Eochairchéim 3/Bliain 10	Leibhéal 5[9]

Leibhéil Ionchais don Mhórchuid de Dhaltaí ag Deireadh Gach Eochairchéime

Is iad seo a leanas na leibhéil ionchais i ngach ceann de na trí Scil Traschuraclaim (Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC):

- Deireadh Eochairchéim 1 – Leibhéal 2
- Deireadh Eochairchéim 2 – Leibhéal 4
- Deireadh Eochairchéim 3 – Leibhéal 5.

Sa bhreis air sin, ba chóir do dhaltaí bogadh **leibhéal amháin chun cinn ar a laghad** gach eochairchéim. Sna Gaelscoileanna agus sna haonaid Ghaelscolaíochta, áit a ndéantar measúnú ar Chumarsáid trí mhean an Bhéarla agus na Gaeilge araon ag deireadh Eochairchéim 2, is é Leibhéal 4 an leibhéal ionchais sa dá theanga.

Breithiúnas Suimitheach a Dhéanamh

Le breithiúnas suimitheach a dhéanamh ar an leibhéal atá bainte amach ag dalta, caithfidh an múinteoir a chruthú go bhfuil cumas léirithe ag an dalta trasna raon na riachtanas a luaitear leis an Scil Traschuraclaim sin agus sa chuid is mó de na critéir don leibhéal atá i gceist.

Agus múinteoirí ag déanamh breithiúnais maidir leis an leibhéal atá bainte amach ag dalta ag deireadh eochairchéime, moltar dóibh an leibhéal is fearr a chuireann síos ar obair an dalta a roghnú, bunaithe ar eolas agus tuiscint an dalta. Le teacht ar bhreithiúnas cothrom maidir leis an leibhéal atá bainte amach ag dalta, ba chóir do mhúinteoirí breithiúnas a dhéanamh bunaithe ar fheidhmíocht an dalta tríd is tríd trasna réimse oibre.

Ba chóir an leibhéal atá roghnaithe a chur i gcomparáid go cúramach leis an leibhéal díreach os a chionn agus an leibhéal thíos faoi. Ba chóir do mhúinteoirí a aithint gurb é aidhm na Leibhéal de Dhul Chun Cinn, cur go forásach leis an eolas, an tuiscint agus na scileanna a fhaigheann daltaí ag na leibhéil ísle. Ba chóir glacadh leis, mar sin, go gcuimsítear scileanna a bhaineann le leibhéil níos ísle ag an leibhéal ard.

Nóta treorach:
Nuair a mheasann múinteoir, mar shampla, go bhfuil Leibhéal 4 bainte amach ag dalta, is é is ciall le 'bainte amach' gurb é breithiúnas an mhúinteora go mbaineann gnóthachtáil an dalta go diongbháilte le Leibhéal 4 ar an ábhar:

- *gur léirigh sé/sí cumas trasna réimse riachtanas a bhaineann leis an Scil Traschuraclaim agus sa chuid is mó de na critéir a bhaineann leis an leibhéal trasna an raon oibre;*
- *go léiríonn sé/sí go bhfuil cumas ann/inti a bheith ag obair go seasmhach neamhspleách i gcás an chuid is mó de na gnéithe a bhaineann leis an leibhéal; agus*
- *go dtig leis/léi an méid atá foghlamtha a chur i bhfeidhm i gcásanna nua agus/nó neamhghnácha de réir mar is cuí.*

[7] I nGaelscoileanna agus in aonaid Ghaelscolaíochta, is é Leibhéal 2 sa Ghaeilge an leibhéal ionchais sa Chumarsáid faoi dheireadh Eochairchéim 1.

[8] I nGaelscoileanna agus in aonaid Ghaelscolaíochta, is é Leibhéal 4 sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon an leibhéal ionchais sa Chumarsáid faoi dheireadh Eochairchéim 2.

[9] I nGaelscoileanna agus in aonaid Ghaelscolaíochta, is é Leibhéal 5 sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon an leibhéal ionchais sa Chumarsáid faoi dheireadh Eochairchéim 3.

1.4 Measúnú agus Tuairisciú ar na Réimsí Foghlama agus na Scileanna Eile

Is iad na scoileanna féin a bheidh freagrach as measúnú a dhéanamh ar na Réimsí Foghlama agus Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta) agus ní bheidh modhnóireacht sheachtrach i gceist. Tá cáipéisí treoracha ar fáil ag **www.nicurriculum.org.uk**

Na Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta)

Is cuid reachtúil de Churaclam Thuaisceart Éireann an creat Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta. Tá cúig shnáithe ann atá fite fuaite, mar atá:

- Bainistiú Eolais;
- Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht;
- Bheith Cruthaitheach;
- Ag Obair le Daoine Eile; agus
- Féinbhainistiú.

Tá measúnú agus tuairisciú le déanamh gach bliain ar gach ceann de na cúig shnáithe. Ba chóir go mbeadh na measúnuithe leabaithe mar chuid de ghníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc le linn na bliana. Tuairiscítear na Scileanna Eile leo féin sna bunscoileanna ach moltar iad a chomhtháthú le nótaí trachta Réimse Foghlama ag Eochairchéim 3.

I gcás Bhlianta 1-10 is riachtanas reachtúil é measúnú bliantúil a dhéanamh ar dhul chun cinn i ngach ceann de na Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta).





Tá na *From - To Progress Maps* (Bunscolaíocht) agus na *Progression Maps* (Eochairchéim 3) i dtaca le Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta ar fáil le tacú le múinteoirí agus iad ag dul do phleanáil agus do mheasúnú ar dhul chun cinn daltaí maidir le forbairt scileanna agus ábaltachtaí trasna an churaclaim.

Ar fáil ag: **www.nicurriculum.org.uk**

Le teacht go luath

Beidh treoir maidir le Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta a Mheasúnú ar fáil ag **www.nicurriculum.org.uk** ó 2012/13 ar aghaidh.

1.5 Measúnú Ríomhairithe: Blianta 4 – 7

I mBlianta 4, 5, 6 agus 7, is riachtanas reachtúil iad measúnuithe ríomhairithe. Caithfidh daltaí measúnú a dhéanamh i dtéarma an Fhómhair. Ba chóir go mbeadh an fhoghlaim agus an teagasc ag tús na scoilbhliana nua bunaithe ar na torthaí seo. Tá torthaí an mheasúnuithe le tuairisciú chuig tuismitheoirí/caomhnóirí, i scríbhinn agus trí chruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí, faoi dheireadh théarma an Fhómhair.

1.6 Measúnú agus Tuairisciú: Blianta 1 - 10

BUNSCOLAÍOCHT

An Bhonnchéim: Blianta 1 agus 2

1 Cad é atá le Déanamh ag Múinteoirí?

- Gach Scil Traschuraclaim a mheasúnú agus a thuairisciú.
  Nóta treorach: Le linn do mhúinteoirí Bonnchéime bheith ag dul do mheasúnú agus do thuairisciú, ní gá dóibh tagairt a dhéanamh do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.
- Na Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta) a mheasúnú agus a thuairisciú.
- Na Réimsí Foghlama a mheasúnú agus a thuairisciú.
  Nóta treorach: Tá Teanga agus Litearthacht le measúnú mar chuid den Chumarsáid; tá Matamaitic agus Uimhearthacht le measúnú mar chuid de Úsáid na Matamaitice.
- Cur síos ar 'Sprioc na Forbartha' agus 'Suimeanna agus Láidreachtaí' daltaí.

2 Cén Dóigh ar Chóir do Mhúinteoirí Tabhairt faoi seo?

Is de réir pholasaí measúnaithe na scoile is ceart tabhairt faoi mheasúnú na Scileanna Traschuraclaim i gcás dhaltaí na Bonnchéime.

Is de réir pholasaí measúnaithe na scoile ba cheart measúnú a dhéanamh ar ghnóthachtáil daltaí sna Réimsí Foghlama agus sna Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta).

Ba cheart do mhúinteoirí a chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí measúnaithe a phleanáil agus a leabú mar chuid den fhoghlaim agus den teagasc.

Tá solúbthacht ag múinteoirí freastal ar riachtanais, suimeanna agus ábaltachtaí na ndaltaí.

Is féidir le múinteoirí réimse teicnící measúnaithe a úsáid ach é a bheith ag teacht leis an chineál oibre atá á mheasúnú agus le cuspóir an mheasúnaithe, mar shampla (samplaí léiritheacha amháin):

- breathnú pleanáilte nó ar an toirt;
- plé; agus
- léiriú ó bhéal, scríofa, amhairc nó fisiceach.

3 Ábhar Treorach

- *Curaclam Thuaisceart Éireann: Bunscolaíocht (Gaelscolaíocht) – Cuid 2, an Bhonnchéim:*
  Lena chinntiú go gcomhlíontar riachtanais reachtúla an churaclaim agus go bhfuil comhthathú ann leis na riachtanais mheasúnaithe agus tuairiscithe.
- *Thinking Skills and Personal Capabilities Progress Maps (Bunscolaíocht):*
  B'fhéidir go mbeadh an Mapa Dul Chun Cinn a thagraíonn don Bhonnchéim ina chuidiú ag múinteoirí agus iad ag dul do phleanáil, measúnú agus tuairiscíú (ar bhonn cáilíochtúil) i dtaca leis na cúig shnáithe den chreat Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.
- *Díolaim Eiseamláirí Ar Líne CCEA:*
  (áis tagartha).
- Cúrsa ar líne, *Na Scileanna Traschuraclaim a Mheasúnú:*
  Eolas ar na Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa Chumarsáid agus in Úsáid na Matamaitice, Modúl 2.

Le teacht

- *Céimeanna Forbartha na Foghlama don Bhonnchéim.*

Blianta 3, 5 agus 6

1 Cad é atá le Déanamh ag Múinteoirí?

- Gach Scil Traschuraclaim a mheasúnú agus a thuairisciú trí thagairt a dhéanamh do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.

  Nóta treorach: Le linn do mhúinteoirí na Scileanna Traschuraclaim a mheasúnú agus a thuairisciú, ní gá dóibh leibhéil shuimitheacha a bhronnadh ar dhaltaí ná torthaí a thuairisciú mar leibhéil uimhriúla chuig tuismitheoirí i mBlianta 3, 5 agus 6.
- Gach Réimse Foghlama a mheasúnú agus a thuairisciú (beidh Teanga agus Litearthacht le measúnú mar chuid den Chumarsáid; beidh Matamaitic agus Uimhearthacht le measúnú mar chuid de Úsáid na Matamaitice).
- Na Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta) a mheasúnú agus a thuairisciú.
- Cur síos ar 'Sprioc na Forbartha' agus 'Suimeanna agus Láidreachtaí' daltaí.

2 Cén Dóigh ar Chóir do Mhúinteoirí Tabhairt faoi Seo?

Is ceart do mhúinteoirí a chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí measúnaithe a pheanáil agus a leabú mar chuid den fhoghlaim agus den teagasc.

Ba chóir go mbeadh cuspóir soiléir ag gníomhaíochtaí measúnaithe, mar shampla feidhm mhúnlaitheach nó shuimitheach.

Is ceart na Leibhéil de Dhul Chun Cinn a úsáid agus gnóthachtáil daltaí sna Scileanna Traschuraclaim á measúnú.

Is ceart gnóthachtáil daltaí sna Réimsí Foghlama a mheasúnú de réir pholasaithe na scoile.

Is ceart measúnú a dhéanamh ar na Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta) le linn gnáthghníomhaíochtaí ranga agus ba chóir go mbeadh sé bunaithe ar bhreithiúnais cháilíochtúla ar dhul chun cinn daltaí.

3 Ábhar Treorach

- *Curaclam Thuaisceart Éireann: Bunscolaíocht (Gaelscolaíocht) – Riachtanais reachtúla maidir leis na Réimsí Foghlama:*
  Lena chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais reachtúla an churaclaim agus go mbeidh comhthathú ann leis na riachtanais mheasúnaithe agus tuairiscithe.
- *Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa Chumarsáid, in Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid TFC:*
  Áis tagartha do mhúinteoirí le linn dóibh na Scileanna Traschuraclaim a phleanáil, a mheasúnú agus a thuairisciú.
- *Leibhéil de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte - Cumarsáid* agus *Úsáid na Matamaitice:*
  Le míniú a fháil ar na critéir a bhaineann leis na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.
- *Thinking Skills and Personal Capabilities Progress Maps (Bunscolaíocht):*
  Mar áis tagartha ag múinteoirí agus iad ag dul do phleanáil, measúnú agus tuairisciú (ar bhonn cáilíochtúil) i dtaca leis na cúig shnáithe den chreat Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.
- *Leabhrán ar an Scéim Creidiúnaithe TFC (Eochairchéimeanna 1 & 2)* – Aguisín 3 Gnéithe Inmhianaithe (Úsáid TFC):
  Le cur síos breise a fháil ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith fóirsteanach maidir le comhlíonadh na riachtanas a bhaineann leis na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.
- *Díolaim Eiseamláirí Ar Líne CCEA:*
  Le teacht ar obair reatha daltaí a chuideoidh le múinteoirí breithiúnais agus caighdeáin a thuiscint.
- Cúrsa ar líne, *Na Scileanna Traschuraclaim a Mheasúnú:*
  Eolas ar na Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa Chumarsáid agus in Úsáid na Matamaitice, Modúl 2.

Blianta 4 agus 7

Ag deireadh gach Eochairchéime caithfidh múinteoirí breithiúnas suimitheach a thabhairt faoin leibhéal atá bainte amach ag gach dalta i ngach Scil Traschuraclaim. Cuirfear na breithiúnais shuimitheacha seo in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí i dtuairiscí daltaí ag deireadh Bhlianta 4 agus 7 agus don RO trí CCEA.

1 Cad é atá le Déanamh ag Múinteoirí?

- **An leibhéal** atá bainte amach ag gach dalta i ngach Scil Traschuraclaim a mheasúnú agus a thuairisciú trí thagairt a dhéanamh do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.
- Gach Réimse Foghlama a mheasúnú agus a thuairisciú (beidh Teanga agus Litearthacht le measúnú mar chuid den Chumarsáid; beidh Matamaitic agus Uimhearthacht le measúnú mar chuid de Úsáid na Matamaitice).
- Na Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta) a mheasúnú agus a thuairisciú.
- 'Sprioc na Forbartha' agus 'Suimeanna agus Láidreachtaí' daltaí a thuairisciú.

2 Cén Dóigh ar Chóir do Mhúinteoirí Tabhairt faoi seo?

Is ceart do mhúinteoirí a chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí measúnaithe, tascanna CCEA san áireamh, a phleanáil agus a leabú mar chuid den fhoghlaim agus den teagasc.

Ba chóir go mbeadh cuspóir soiléir ag gníomhaíochtaí measúnaithe, mar shampla, feidhm mhúnlaitheach nó shuimitheach.

Is ceart tascanna CCEA a úsáid le tacú leis an bhreithiúnas shuimitheach i ngach ceann de na Scileanna Traschuraclaim.

Is ceart gnóthachtáil daltaí sna Réimsí Foghlama a mheasúnú de réir pholasaithe na scoile.

Is ceart measúnú a dhéanamh ar na Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta) le linn gnáthghníomhaíochtaí ranga agus ba chóir go mbeadh sé bunaithe ar bhreithiúnais cháilíochtúla ar dhul chun cinn daltaí.

3 Ábhar Treorach

- *Curaclam Thuaisceart Éireann: Bunscolaíocht (Gaelscolaíocht) – Riachtanais reachtúla maidir leis na Réimsí Foghlama:* Lena chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais reachtúla an churaclaim agus go mbeidh comhthathú ann leis na riachtanais mheasúnaithe agus tuairiscithe.
- *Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa Chumarsáid, in Úsáid na Matamaitice* agus *in Úsáid TFC:* Áis tagartha do mhúinteoirí le linn dóibh na Scileanna Traschuraclaim a phleanáil, a mheasúnú agus a thuairisciú.
- *Thinking Skills and Personal Capabilities Progress Maps (Bunscolaíocht):* Mar áis tagartha ag múinteoirí agus iad ag dul do phleanáil, measúnú agus tuairisciú (ar bhonn cáilíochtúil) i dtaca leis na cúig shnáithe den chreat Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.
- *Leibhéil de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte - Cumarsáid* agus *Úsáid na Matamaitice:* Le míniú a fháil ar na critéir a bhaineann leis na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.
- *Leabhrán ar an Scéim Creidiúnaithe TFC (Eochairchéimeanna 1 & 2)* – Aguisín 3 Gnéithe Inmhianaithe (Úsáid TFC): Le cur síos breise a fháil ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith fóirsteanach maidir le comhlíonadh na riachtanas a bhaineann leis na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.
- *Díolaim Eiseamláirí Ar Líne CCEA:* Áis tagartha do mhúinteoirí le cuidiú leo tuiscint a fháil ar na caighdeáin le go mbeidh comhsheasmhacht agus comhaontú ann i dtaobh na mbreithiúnas measúnaithe a dhéanann siad.
- Cúrsa ar líne, *Na Scileanna Traschuraclaim a Mheasúnú:* Eolas ar na Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa Chumarsáid agus in Úsáid na Matamaitice, Modúl 2.

EOCHAIRCHÉIM 3

Blianta 8 agus 9

1 Cad é atá le Déanamh ag Múinteoirí?

- Gach Scil Traschuraclaim a mheasúnú agus a thuairisciú trí thagairt a dhéanamh do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.

  Nóta treorach: Le linn do mhúinteoirí na Scileanna Traschuraclaim a mheasúnú agus a thuairisciú, ní gá dóibh leibhéil shuimitheacha bhronnadh ar dhaltaí ná torthaí a thuairisciú mar leibhéil uimhriúla chuig tuismitheoirí.

- Gach Réimse Foghlama a mheasúnú agus a thuairisciú.
- Na Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta) a mheasúnú agus a thuairisciú.
- 'Sprioc na Forbartha' agus 'Suimeanna agus Láidreachtaí' daltaí a thuairisciú mar is cuí.

2 Cén Dóigh ar Chóir do Mhúinteoirí Tabhairt faoi seo?

Is ceart do mhúinteoirí a chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí measúnaithe a phleanáil agus a leabú mar chuid den fhoghlaim agus den teagasc.

Ba chóir go mbeadh cuspóir soiléir ag gníomhaíochtaí measúnaithe, mar shampla feidhm mhúnlaitheach nó shuimitheach.

Is ceart gnóthachtáil daltaí sna Réimsí Foghlama a mheasúnú de réir pholasaí measúnaithe na roinne agus/nó pholasaí measúnaithe na scoile.

Is ceart measúnú a dhéanamh ar na Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta) taobh istigh de na Réimsí Foghlama agus ba chóir go mbeadh sé bunaithe ar bhreithiúnais cháilíochtúla ar dhul chun cinn daltaí.

3 Ábhar Treorach

- *The Statutory Curriculum at Key Stage 3: Rationale and Detail* - Detailed Statutory Minimum Requirements for Areas of Learning and Subject Strands at Key Stage 3 (lch 33 – 49):
  Lena chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais reachtúla an churaclaim agus na torthaí foghlama agus go mbeidh comhthathú ann leis na riachtanais mheasúnaithe agus tuairiscithe;
- *Thinking Skills and Personal Capabilities Progression Maps at Key Stage 3:*
  Mar áis tagartha ag múinteoirí agus iad ag dul do phleanáil, measúnú agus tuairisciú (ar bhonn cáilíochtúil) i dtaca leis na cúig shnáithe den chreat Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.
- *Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa Chumarsáid, in Úsáid na Matamaitice* agus *in Úsáid TFC:*
  Áis tagartha do mhúinteoirí le linn dóibh na Scileanna Traschuraclaim a phleanáil, a mheasúnú agus a thuairisciú (ar bhonn cáilíochtúil).
- *Leibhéil de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte - Cumarsáid* agus *Úsáid na Matamaitice:*
  Le míniú a fháil ar na critéir a bhaineann leis na Leibhéil de Dhul Chun Cinn in Cumarsáid agus Úsáid na Matamaitice.
- *Leabhrán ar an Scéim Creidiúnaithe TFC (Eochairchéim 3)* – Aguisín 3 Gnéithe Inmhianaithe (Úsáid TFC):
  Le cur síos breise a fháil ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith fóirsteanach maidir le comhlíonadh na riachtanas a bhaineann leis na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.
- *Díolaim Eiseamláirí Ar Líne CCEA:*
  Áis tagartha do mhúinteoirí le cuidiú leo tuiscint a fháil ar na caighdeáin le go mbeidh comhsheasmhacht agus comhaontú ann i dtaobh na mbreithiúnas measúnaithe a dhéanann siad.

Bliain 10

1 Cad é atá le Déanamh ag Múinteoirí?

- **An leibhéal** atá bainte amach ag gach dalta i ngach Scil Traschuraclaim a mheasúnú agus a thuairisciú trí thagairt a dhéanamh do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.
- Gach Réimse Foghlama a mheasúnú agus a thuairisciú.
- Na Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta) a mheasúnú agus a thuairisciú.
- 'Sprioc na Forbartha' agus 'Suimeanna agus Láidreachtaí' daltaí a thuairisciú mar is cuí.

2 Cén Dóigh ar Chóir do Mhúinteoirí Tabhairt faoi seo?

Is ceart do mhúinteoirí a chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí measúnaithe, tascanna measúnaithe atá faofa ag CCEA san áireamh, a phleanáil agus a leabú mar chuid den fhoghlaim agus den teagasc.

Ba chóir go mbeadh cuspóir soiléir ag gníomhaíochtaí measúnaithe, mar shampla feidhm mhúnlaitheach nó shuimitheach.

Is ceart tascanna measúnaithe atá faofa ag CCEA a úsáid le tacú leis an bhreithiúnas shuimitheach i ngach ceann de na Scileanna Traschuraclaim.

Glactar leis gurb iad Roinn an Bhéarla/ na Gaeilge agus Roinn na Matamaitice faoi seach a bheidh ar thús cadhnaíochta maidir le Cumarsáid agus Úsáid na Matamaitice a mheasúnú, agus go mbeidh cuidiú ann ó ranna eile.

Is ceart gnóthachtáil daltaí sna Réimsí Foghlama a mheasúnú de réir pholasaí measúnaithe na roinne agus/nó pholasaí measúnaithe na scoile.

Is ceart measúnú a dhéanamh ar na Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta) taobh istigh de na Réimsí Foghlama agus ba chóir go mbeadh sé bunaithe ar bhreithiúnais cháilíochtúla ar dhul chun cinn daltaí.

3 Ábhar Treorach

- *The Statutory Curriculum at Key Stage 3: Rationale and Detail* - Detailed Statutory Minimum Requirements for Areas of Learning and Subject Strands at Key Stage 3 (lch 33 – 49):
  Lena chinntiú gcomhlíonfar riachtanais reachtúla an churaclaim agus na torthaí foghlama agus go mbeidh comhthathú ann leis na riachtanais mheasúnaithe agus tuairiscithe;
- *Thinking Skills and Personal Capabilities Progression Maps at Key Stage 3:*
  Mar áis tagartha ag múinteoirí agus iad ag dul do phleanáil, measúnú agus tuairisciú (ar bhonn cáilíochtúil) i dtaca leis na cúig shnáithe den chreat Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.
- *Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice* agus *in Úsáid TFC:*
  Áis tagartha do mhúinteoirí le linn dóibh na Scileanna Traschuraclaim a phleanáil, a mheasúnú agus a thuairisciú.
- *Leibhéil de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte - Cumarsáid* agus *Úsáid na Matamaitice:*
  Le míniú a fháil ar na critéir a bhaineann leis na Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa Chumarsáid agus in Úsáid na Matamaitice.
- *Leabhrán ar an Scéim Creidiúnaithe TFC (Eochairchéim 3)* – Aguisín 3 Gnéithe Inmhianaithe (Úsáid TFC):
  Le cur síos breise a fháil ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith fóirsteanach maidir le comhlíonadh na riachtanas a bhaineann leis na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.
- *Díolaim Eiseamláirí Ar Líne CCEA:*
  Áis tagartha do mhúinteoirí le cuidiú leo tuiscint a fháil ar na caighdeáin le go mbeidh comhsheasmhacht agus comhaontú ann i dtaobh na mbreithiúnas measúnaithe a dhéanann siad.

1.7 Tuairisciú chuig Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Ba chóir do scoileanna leanúint de bheith ag roinnt faisnéise ar bonn bliantúil le tuismitheoirí maidir le dul chun cinn agus gnóthachtáil daltaí. Ba chóir go mbeadh na heispéiris foghlama a bhí ag daltaí le linn na bliana le sonrú sna nótaí tráchta agus san fhaisnéis a thuairiscítear agus ba chóir go mbeadh seo intuigthe ag tuismitheoirí. Anuas air sin, tá an fhaisnéis a iarrtar faoi Rialacháin Oideachais (Tuairisciú agus Taifid Daltaí) (Tuaisceart Éireann) 2009 le bheith sa tuairisc.

Is é ba chóir a bheith sa Tuairisc Bhliantúil chuig tuismitheoirí/caomhnóirí:

An Bhonnchéim agus Eochairchéimeanna 1 & 2	Eochairchéim 3
1 Measúnú ar dhul chun cinn an dalta maidir le Cumarsáid[10] (agus gnóthachtáil sa Réimse Foghlama, Teanga agus Litearthacht, san áireamh) agus Úsáid na Matamaitice (agus gnóthachtáil sa Réimse Foghlama, Matamaitic agus Uimhearthacht, san áireamh). 2 Gearrthuairisc ar ghnóthachtáil an dalta i Réimse Foghlama ar bith eile nó i ngíomhaíocht atá mar chuid den churaclam aige/aici, ar a n-áirítear: • Úsáid TFC; • Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta): – Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht; – Féinbhainistiú; – Ag Obair le Daoine Eile; – Bainistiú Eolais; – Bheith Cruthaitheach; • Réimsí Foghlama: – Na hEalaíona; – An Domhan Thart Orainn; – Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint; – Forbairt Fhisiceach agus Gluaiseacht (BC) nó Corpoideachas (EC 1 & 2); – Oideachas Reiligiúnach (roghnach); • Suimeanna agus Láidreachtaí; • Sprioc na Forbartha; agus • Ábhar Roghnach ar bith eile.	1 Measúnú ar dhul chun cinn an dalta maidir le Cumarsáid[10] (agus gnóthachtáil sa Réimse Foghlama, Teanga agus Litearthacht, san áireamh) agus Úsáid na Matamaitice (agus gnóthachtáil sa Réimse Foghlama, Matamaitic agus Uimhearthacht, san áireamh). 2 Gearrthuairisc ar ghnóthachtáil an dalta i Réimse Foghlama ar bith eile nó i ngíomhaíocht atá mar chuid den churaclam aige/aici, ar a n-áirítear: • Úsáid TFC; • Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta): – Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht; – Féinbhainistiú; – Ag Obair le Daoine Eile; – Bainistiú Eolais; – Bheith Cruthaitheach; • Réimsí Foghlama: – Nua-theangacha; – Na hEalaíona; – An Comhshaol agus an tSochaí; – Eolaíocht agus Teicneolaíocht; – Foghlaim don Saol agus don Obair; – Corpoideachas; – Oideachas Reiligiúnach (roghnach); • Suimeanna agus Láidreachtaí; • Sprioc na Forbartha; agus • Ábhar Roghnach ar bith eile.

[10] I gcás daltaí ag deireadh Eochairchéim 1 i nGaelscoileanna agus in aonaid Ghaelscolaíochta, is don Ghaeilge amháin, ba chóir leibhéil a thuairisciú sa Chumarsáid. Ag deireadh Eochairchéimeanna 2 agus 3, is don Ghaeilge agus don Bhéarla ar aon ba chóir leibhéil a thuairisciú sa Chumarsáid.

Faisnéis bhreise do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí

Caithfear an Fhaisnéis Bhreise seo a thuairisciú chuig tuismitheoirí/caomhnóirí gach dalta i mBlianta 4, 7 agus 10:

- An Leibhéal de Dhul Chun Cinn a baineadh amach i ngach ceann de na Scileanna Traschuraclaim. Is féidir seo a thaispeáint i gcorp na Tuairisce Bliantúla.
- An Leibhéal de Dhul Chun Cinn a bhfuil súil leis ag deireadh gach eochairchéime i gcás gach Scil Traschuraclaim.
- An céatadán de dhaltaí sa bhliain deiridh den eochairchéim sin sa scoil:
  - a bhfuil leibhéal áirithe sa Scil Traschuraclaim sin bainte amach acu;
  - a bhfuil an leibhéal ionchais nó leibhéal níos airde ná sin bainte amach acu sa Scil Traschuraclaim sin;
  - atá ag obair i dtreo an leibhéil ionchais ag deireadh na heochairchéime sin ach nár bhain an leibhéal sin amach go fóill sa Scil Traschuraclaim sin; agus
  - atá díolmhaithe ón mheasúnú sa Scil Traschuraclaim sin.

Má tá dalta **ag obair i dtreo** Leibhéal 1 sna Leibhéil de Dhul Chun Cinn, caithfear seo a thuairisciú mar **W**. Caithfear ráiteas a scríobh sa chás go bhfuil dalta díolmhaithe ó aon chuid de na socruithe measúnaithe sa scoilbhliain sin.

Is féidir dul i dteagmháil le Deasc chuidithe CCEA: 028 90261274 le ceist ar bith faoin thuairisciú a phlé.

Samplaí (ar mhaithe le cúrsaí léiriúcháin amháin):

Cumarsáid

Is é Leibhéal 5 an leibhéal ionchais sa Chumarsáid do dhaltaí ag deireadh Eochairchéim 3 (Bliain 10).

Leibhéal sa Chumarsáid	An céatadán de dhaltaí a bhfuil an leibhéal seo bainte amach acu
4	20%
5	64%
6	16%

An céatadán de dhaltaí Bhliain 10 i *[ainm scoile]* a bhfuil leibhéal áirithe bainte amach acu sa Chumarsáid

I [ainm scoile], tá an leibhéal ionchais, (leibhéal 5 nó níos airde), bainte amach ag 80% de dhaltaí Bhliain 10 sa Chumarsáid.

Tá 20% de dhaltaí Bhliain 10 ag obair i dtreo an leibhéil ionchais sa Chumarsáid.

Úsáid na Matamaitice

Is é Leibhéal 2 an leibhéal ionchais in Úsáid na Matamaitice do dhaltaí ag deireadh Eochairchéim 1 (Bliain 4).

Leibhéal in Úsáid na Matamaitice	An céatadán de dhaltaí a bhfuil an leibhéal seo bainte amach acu
1	15%
2	70%
3	15%

An céatadán de dhaltaí Bhliain 4 i *[ainm scoile]* a bhfuil leibhéal áirithe bainte amach acu in Úsáid na Matamaitice

I [ainm scoile], tá an leibhéal ionchais, (leibhéal 2 nó níos airde), bainte amach ag 85% de dhaltaí Bhliain 4 in Úsáid na Matamaitice.

Tá 15% de dhaltaí Bhliain 4 ag obair i dtreo an leibhéil ionchais in Úsáid na Matamaitice.

Úsáid TFC

Is é Leibhéal 4 an leibhéal ionchais in Úsáid TFC do dhaltaí ag deireadh Eochairchéim 2 (Bliain 7).

Leibhéal in Úsáid TFC	An céatadán de dhaltaí a bhfuil an leibhéal seo á bainte amach acu
2	10%
3	15%
4	65%
5	10%

An céatadán de dhaltaí Bhliain 7 i *[ainm scoile]* a bhfuil leibhéal áirithe bainte amach acu in Úsáid TFC

I [ainm scoile], tá an leibhéal ionchais, (leibhéal 4 nó níos airde), bainte amach ag 75% de dhaltaí Bhliain 7 in Úsáid TFC.

Tá 25% de dhaltaí Bhliain 7 ag obair i dtreo an leibhéil ionchais in Úsáid TFC.

Cuid a Dó:
Treoir do Chomhordaitheoirí

Mar shampla:
Comhordaitheoirí Réimse Foghlama
Comhordaitheoirí Eochairchéime
Comhordaitheoirí Measúnaithe
Cinn Roinne
Comhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais

2.1 Timthriall na Foghlama, an Teagaisc agus an Mheasúnaithe

Ba cheart an foghlaim, an teagasc agus an measúnú a mheas mar thimthriall leanúnach. Is cuid dhílis den phróiseas foghlama é an measúnú. Tá dlúthbhaint idir pleanáil chúramach agus measúnú éifeachtach. Ós rud é gurb ionann cuspóir an teagasic agus an mheasúnaithe – is é sin cuidiú leis na daltaí foghlaim – caithfear teagasc agus measúnú a phleanáil mar ghnéithe comhlántacha d'aon ghníomhaíocht amháin. Ba chóir, mar sin, go mbeadh an próiseas pleanála bunáithe ar fhaisnéis ón mheasúnú.

Le go mbeidh tionchar dearfach ann, ba chóir go gcuideodh an measúnú le daltaí agus le múinteoirí araon aiseolas a úsáid ar bhonn éifeachtach le foghlaim a fheabhsú (agus beidh cinntí agus gníomhaíochtaí i ndán don mhúinteoir agus don fhoghlaimeoir araon dá thoradh). Is trí chaidreamh leanúnach laethúil idir daltaí agus múinteoirí a bhainfear sin amach sa ghearrthréimhse. Sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse, bainfear amach feabhas san fhoghlaim trí gach rud a mheas ag pointí áirithe nuair is féidir tarraingt ar réimse leathan fianaise le breithiúnais iontaofa shiumitheacha a dhéanamh.

Is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as an fhaisnéis a fhaightear ón mheasúnú mhúnlaitheach a dhéantar ar bhonn laethúil, le breithiúnais shuimitheacha a dhéanamh ag amanna áirithe, ag deireadh téarma nó deireadh bliana mar shampla.



2.2 Cuspóirí an Mheasúnaithe

Measúnú Diagnóiseach *Le láidreachtaí agus le réimsí atá le feabhsú a shainaithint, agus le faisnéis a chur ar fáil maidir leis na chéad chéimeanna eile.*	Tá sé sonraithe go foirmiúil ag an Roinn Oideachais go gcaithfear modh ríomhairithe a úsáid le measúnú diagnóiseach **reachtúil** a dhéanamh. Caithfear feidhm a bhaint as an mheasúnú seo i gcás daltaí ó Bhliain 4 go Bliain 7 i dtéarma an Fhómhair gach scoilbhliain. Sa bhreis ar an mheasúnú ríomhairithe seo, tá solúbthacht ag scoileanna measúnú diagnóiseach eile a úsáid nuair is cuí. Ba chóir go mbeadh na torthaí seo ina gcuidiú ag múinteoirí deacrachtaí agus láidreachtaí daltaí a aithint agus cuidiú agus tacaíocht a thabhairt más rud é go bhfuil feabhsúchán de dhíth le tacú le foghlaim agus teagasc.
Measúnú Múnlaitheach *Le feabhsaithe sonraithe a dhéanamh san fhoghlaim trí úsáid a bhaint as faisnéis ón mheasúnú.*	Measúnú múnlaitheach atá ag croí thimthriall na foghlama agus an teagaisc. Cé nach gné reachtúil é, meastar gur dea-chleachtas i scoileanna é an measúnú múnlaitheach. Tá tuilleadh eolais agus léitheoireachta maidir le measúnú le fáil in Assessment for Learning – A Practical Guide (CCEA 2009).
Measúnú Suimitheach *Le feidhmíocht agus gnóthachtáil ghinearálta daltaí ag am ar leith a aithint, a thaifeadadh agus a thuairisciú.*	Leis na socruithe **reachtúla** measúnaithe caithfear breithiúnais shuimitheacha a dhéanamh ar dhul chun cinn daltaí ag deireadh gach scoilbhliana. **Is cóir na breithiúnais maidir leis Scileanna Traschuraclaim ag Eochairchéimeanna 1, 2 agus 3 a dhéanamh trí thagairt a dhéanamh do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.** I **mblianta 4, 7** agus **10** caithfear na leibhéil atá bainte amach ag daltaí a thuairisciú i scríbhinn chuig tuismitheoirí agus chuig CCEA.
Measúnú Meastóireachta *Le faisnéis a sholáthar do phleanáil curaclaim agus faoi choinne monatóireachta agus freagrachta.*	Ceann de phríomhchuspóirí an mheasúnaithe is ea a chinntiú go bhfuil freagracht chuí ann ag gach leibhéal as feidhmiú an chórais scolaíochta againn. Le meastóireacht a dhéanamh, éileoidh an Roinn Oideachais faisnéis i dtaca le torthaí measúnaithe ag deireadh Eochairchéimeanna. Caithfidh scoileanna torthaí measúnaithe deireadh eochairchéime sa Chumarsáid (ó 2012/13 ar aghaidh), in Úsáid na Matamaitice (ó 2012/13 ar aghaidh) agus in Úsáid TFC (ó 2013/14 ar aghaidh) a chur chuig CCEA[11]. Is féidir le scoileanna feidhm a bhaint as sonraí meastóireachta ag leibhéal iomlán scoile agus ag leibhéal comhordaitheora/Ceann Roinne le meastóireacht a dhéanamh ar ghnóthachtáil agus ar chuspóirí agus le cur le pleanáil forbartha scoile agus pleanáil gníomhaíochtaí. Is féidir le múinteoirí feidhm a bhaint as sonraí ag leibhéal ranga chomh maith le spriocanna a shainaithint le torthaí daltaí a fheabhsú.

[11] Is cóir do scoileanna an córas ríomhairithe a úsáid le faisnéis mheasúnaithe a ionchur i dtaobh gach dalta i mBlianta 4, 7 agus 10. Is trí idirmhalartú leictreonach sonraí (EDI) a chuirfear an fhaisnéis seo ar aghaidh chuig CCEA, i dtromlach na gcásanna.

2.3 Pleanáil don Mheasúnú

Tá sé riachtanach go ndéanfaidh scoileanna agus múinteoirí cláir chomhleanúnacha a phleanáil don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú. Tríd na cláir seo cuirtear deiseanna ar fáil do dhaltaí a gcuid scileanna a chur i bhfeidhm i réimse comhthéacsanna a bhaineann leis an curaclam nó, más cuí, i réimse comhthéacsanna traschuraclaim.

Pleanáil Fhadtréimseach Ba chóir go n-aithneofaí, trí phleanáil iomlán scoile, deiseanna measúnaithe trasna an churaclaim agus taobh istigh de bhliain agus/nó dEochairchéim, rud a bheadh ina chuidiú le clár comhleanúnach foghlama, teagaisc agus measúnaithe a chinntiú do na daltaí. Moltar go bpleanálfaí deiseanna measúnaithe i gcás gach Scil Traschuraclaim, cé go n-éireoidh deiseanna go nádúrtha chomh maith. Is féidir, i rith na scoilbhliana, feidhm a bhaint as deiseanna measúnaithe pleanáilte agus neamhphleanáilte araon. Is áis tagartha fóinteach na Leibhéil de Dhul Chun Cinn i dtaca leis an phleanáil fhadtréimhseach seo.	*Mar shampla:* Tá léarscáil curaclaim ag bunscoil amháin ar a bhfuil na nithe a leanas: • Greille ar a bhfuil seacht gcolún a thagraíonn do gach bliain ó Bhlian 1 go Bliain 7, agus trí shraith a thagraíonn do théarmaí: an Fhómhair, an Gheimhridh agus an tSamhraidh. Ar an ghreille léirítear teidil na dtéamaí faoi choinne gach téarma, agus mionsonraí gearra ar eochairscileanna a forbraíodh sa litearthacht, san uimhearthacht agus in SSÁP. I mblianghrúpaí áirithe tá na téarmaí fo-roinnte ina dhá leath-théarma, agus teidil ar leith ar gach ceann acu. • Taispeántar príomh-ócáidí measúnaithe ar an ghreille mar is cuí.
Pleanáil Mheántréimhseach Ba chóir go gcuirfeadh gníomhaíochtaí measúnaithe, a dhéantar ag céim na pleanála meántréimhsí, deiseanna ar fáil do mhúinteoirí breithiúnais a dhéanamh faoi dhul chun cinn agus ghnóthachtáil daltaí, agus uaidh sin beidh siad in ann barúil níos cruinne a fhorbairt thar am. Tá *Na Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa Chumarsáid*[12]*, in Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid TFC*, chomh maith leis na *Leibhéil de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte* ar fáil le cuidiú le múinteoirí sa phróiseas seo. Is féidir na *From - To Progress Maps* (Bunscolaíocht) agus na *Progression Maps* (Eochairchéim 3) a úsáid le cuidiú le measúnú cáilíochtúil a phleanáil maidir leis na Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta. Tá na cáipéisí seo ar fáil ag **www.nicurriculum.org.uk**	*Mar shampla:* Baineann an fhoireann feidhm as scéimeanna oibre na scoile le pleananna sé seachtaine/ pleananna ceachta a chruthú ina gcuirtear síos ar dheiseanna le foghlaim a nascadh, gníomhaíochtaí foghlama, áiseanna a bheidh de dhíth agus príomhdheiseanna measúnaithe.
Pleanáil Ghearrthréimhseach Is é atá i gceist le pleanáil ghearrthréimhseach de ghnáth, an plean meántréimhseach a bhriseadh anuas i gcéimeanna atá indéanta agus atá ag teacht le riachtanais agus suimeanna na ndaltaí. Agus gníomhaíochtaí measúnaithe á ndearadh, is cóir do mhúinteoirí a chinntiú go gcuirfear san áireamh measúnuithe a rinneadh roimhe sin agus breathnuithe a rinneadh le gairid. Ag céim na pleanála gearrthréimhsí is féidir *Na Leibhéil de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínithe* (atá ar fáil ag **www.nicurriculum.org.uk**) a úsáid le sprioc a aithint do ghníomhaíochtaí measúnaithe agus le fianaise a sholáthar, mar sin, a úsáidfear le breithiúnais a dhéanamh.	*Mar shampla:* Cruthaíonn an fhoireann nótaí seachtainiúla/ pleananna ceachta as na pleananna sé seachtaine/scéimeanna oibre acu, agus sonraíonn siad iontu na cuspóirí foghlama a fhóireann do riachtanais foghlama reatha na ndaltaí. Is ar fhaisnéis mheasúnaithe ó ghníomhaíochtaí foghlama agus measúnaithe a rinneadh roimhe a bheidh an fhoghlaim bunaithe amach anseo. Cuirtear síos ar ghníomhaíochtaí measúnaithe agus ar dheiseanna measúnaithe sna nótaí agus sna pleananna.

[12] Tá Leibhéil de Dhul Chun Cinn ar fáil le measunú a dhéanamh ar Chumarsáid trí mheán an Bhéarla agus trí mheán na Gaeilge araon.

2.4 Measúnú i gcás Daltaí a bhFuil Sainriachtanais Oideachais acu

Maidir leis na riachtanais mheasúnaithe reachtúla le haghaidh measúnuithe ríomhairithe agus Scileanna Traschuraclaim, baineann daltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu le trí chatagóir:

- Tá daltaí a bhfuil An-deacrachtaí Foghlama *(SLD)* acu agus daltaí a bhfuil Mórdheacrachtaí agus Ildeacrachtaí Foghlama *(PMLD)* acu, díomhaithe ó mheasúnuithe ríomhairithe agus ó dhul faoi mheasúnú le go mbronnfaí leibhéal orthu sna Scileanna Traschuraclaim de réir na Leibhéal de Dhul Chun Cinn;
- Caithfidh daltaí a bhfuil Meándeacrachtaí Foghlama *(MLD)* acu na riachtanais uilig a bhaineann le socruithe measúnaithe reachtúla le haghaidh measúnú ríomhairithe agus Scileanna Traschuraclaim a chomhlíonadh;
- Díolúintí Sealadacha (faoi rogha an Phríomhoide).
  Is féidir daltaí atá i ndiaidh teacht chuig an scoil agus daltaí atá i ndrochriocht sláinte nó ar tharla eachtra trámach dóibh, a chlárú mar 'díolmhaithe' ón mheasúnú reachtúil, faoi rogha an Phríomhoide, go ceann tréimhse ghearr. Déanfaidh an Comhordaitheoir Sainriachtanais Oideachais *(SENCO)* cinnte de go mbeidh múinteoirí ar an eolas faoi dhaltaí atá díolmhaithe ón mheasúnú reachtúil, is é sin an measúnú ríomhairithe agus measúnú ar na Scileanna Traschuraclaim de réir na Leibhéal de Dhul Chun Cinn.

Tá daltaí a bhfuil ráiteas de riachtanais speisialta oideachais acu agus ar a ndearnadh measúnú a dhearbhaíonn go bhfuil An-deacrachtaí Foghlama acu, díolmhaithe ó mheasúnú deireadh eochairchéime.

I gcásanna eisceachtúla is féidir go mbeidh daltaí díolmhaithe ó chuid de na socruithe measúnaithe, nó uathu uilig, má shonraítear a leithéid i ráiteas de riachtanais speisialta oideachais na ndaltaí.

Díolúintí Eile

Is féidir go mbeidh cásanna ócáideacha agus eisceachtúla eile ann nuair a chinnfidh an Príomhoide, agus comhaontú ann leis an Bhord Gobharnóirí, go mbeadh sé neamhfhóirsteanach dalta a chur faoi mheasúnú reachtúil. Sa chás sin is féidir go bhfaighidh dalta díolúine shealadach. Tá mionsonraí ar na cúinsí agus na nósanna imeachta a bhaineann le díolúintí sealadacha a dhéanamh leagtha amach i gCiorclán 1990/45 a d'eisigh an Roinn Oideachais i mí Lúnasa 1990 (féach **www.deni.gov.uk/circular_1990_45.pdf**).

2.5 Ábhair Mheasúnaithe

Tá treoir curtha ar fáil ag CCEA do mhúinteoirí agus *SENCO*anna le cuidiú le cleachtais mheasúnaithe i gcás daltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu.

Quest for Learning for PMLD:
Áis mheasúnaithe iomlánaíoch do dhaltaí idir 3 agus 19 mbliana d'aois, a rianaíonn dul chun cinn i gcumarsáid, caidreamh sóisialta agus forbairt chognaíoch agus a dhíríonn ar scileanna agus ábaltachtaí.
Ar fáil ag **www.nicurriculum.org.uk**

Le Teacht go Luath

Prerequisite Skills (Q Skills) i gcás An-deacrachtaí Foghlama *(SLD)* agus Meándeacrachtaí Foghlama *(MLD):*
Áis mheasúnaithe a bheith ina cuidiú le daltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu a chuimsiú i ngach cineál scoile.

Cuid a Trí:
Treoir do Chomhordaitheoirí Eochairchéime, Foirne Ardbhainistíochta agus Boird Ghobharnóirí

3.1 Sonraí Measúnaithe a Úsáid ar bhonn Iomlán Scoile/ Eochairchéime

Cineál	Ar a n-áirítear...	Samplaí d'Eochaircheisteanna
Tagarmharcáil	Torthaí eochairchéime scoil amháin a chur i gcomparáid le torthaí scoileanna cosúla (de réir soláthar Béilte Scoile Saor in Aisce).	• Gnóthachtáil íseal agus tearcghnóthachtáil a aithint.
Anailís ar Threochtaí	Rianú Daltaí Anailís Bhreisluacha	• Láidreachtaí agus réimsí atá le feabhsú i gcás daltaí aonair agus/ nó grúpaí daltaí a aithint. • Tearcghnóthachtáil a aithint agus a sharú i mbliainghrúpaí nó i mbliainbhandaí.
Sampláil ar Obair Daltaí	Monatóireacht ar shamplaí d'obair daltaí de réir critéar réamhroghnaithe.	• Le cur san áireamh: – comhsheasmhacht maidir le leibhéil; – cloí le beartas scoile; – cleachtas aischothaithe na múinteoirí; – cur i láthair, peannaireacht, litriú, gnéithe den scríbhneoireacht.
Díriú ar Ghnóthachtáil Íseal agus ar Thearcghnóthachtáil	• Daltaí a bhfuil gnóthachtáil íseal acu sa litearthacht agus san uimhearthacht, mar shampla, a shainaithint, agus straitéisí idirghabhála a chur i bhfeidhm le tabhairt faoi seo. • Daltaí tearcghnóthachtála a shainaithint a bhfuil an fheidhmíocht sa litearthacht agus/nó san uimhearthacht faoi bhun an leibhéil ábaltachta s'acu, agus straitéisí idirghabhála a chur i bhfeidhm le tabhairt faoi seo. • Réimsí ar leith ina bhfuil an fheidhmíocht go sonrach faoi bhun an mheáin náisiúnta a aithint, agus athruithe a phleanáil le feidhmíocht a fheabhsú. • Tagmharhcáil agus anailís ar fhaisnéis deireadh eochairchéime.	• Idirghabháil chuí éifeachtach.

3.2 Féinmheastóireacht ar Chleachtas Measúnaithe

Trí bhéim a chur ar mheasúnú múinteora, aithnítear gairmiúlacht múinteoirí maidir le breithiúnais mheasúnaithe a dhéanamh. Is é seo an comhthéacs ina bhfuil na treoracha seo á gcur ar fáil, le cleachtas measúnaithe sna scoileanna a chur chun tosaigh, a bhuanú agus a roinnt.

Tá an tsamhail féinmheastóireachta scoile, atá ar fáil in Aguisín 2 ar mhaithe le cúrsaí léiriúcháin amháin, dírithe ar cheannairí sinsearacha agus ar chomhordaitheoirí. Tá an tsamhail le húsáid le tús a chur le machnamh ar chleachtas measúnaithe agus tuairiscithe reatha na scoile. B'fhéidir go mbeadh an tsamhail ina cuidiú ag scoileanna cleachtas éifeachtach a aithint.

Ba chóir, fosta, go mbeadh sí ag teacht leis na táscairí atá leagtha amach in *Together Towards Improvement: A Process for Self-Evaluation* (ETI, 2010) agus in *Inniúlachtaí Múinteora* (GTCNI). Táthar ag brath go mbainfidh scoileanna feidhm as an áis seo agus go gcuirfidh siad léi de réir mar a oireann do phleanáil forbartha agus gníomhaíochta i scoileanna.

Cuid a Ceathair:
Modhnóireacht

4.1 Modhnóireacht

Cé gur cheart dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar phróisis mheasúnaithe agus ar thorthaí measúnaithe maidir le gach gné den churaclam, ní bhainfidh socruithe foirmiúla modhnóireachta ach leis na Scileanna Traschuraclaim agus na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.

Is í an tsamhail a bheidh ann ná, measúnú múinteora a ndéanfar modhnóireacht air. Fágann an tsamhail seo:

- go gcuirfear príomhaíocht agus gairmiúlacht múinteoirí san áireamh agus go n-aithnítear gurb iad na múinteoirí na daoine is fearr le dul chun cinn a gcuid daltaí a mheasúnú; agus
- go gcinnteoidh an mhodhnóireacht go mbeidh an próiseas measúnaithe dian agus comhsheasmhach.

4.2 Cuspóir na Modhnóireachta

Caithfear, leis na próisis mhódhnóireachta, a chinntiú go bhfuil muinín sa chóras agus freagracht chuí ag gach leibhéal as feidhmiú an chórais. Bainfear feidhm as dhá phróiseas sa mhodhnóireacht:

- Dearbhú Cáilíochta, a dhíríonn ar phróiseas an mheasúnaithe le caighdeánú nó comhsheasmhacht a bhaint amach; agus
- Rialú Cáilíochta, a dhíríonn ar na torthaí lena chinntiú go measfar iad ar dhóigh inchomparáide.

  Nóta Treorach: Is í an scoil féin atá freagrach as Dearbhú Cáilíochta, agus as tacaíocht a chur ar fáil i bhfoirm treorach agus deiseanna forbartha gairmiúla.

4.3 Dearbhú Cáilíochta: Caighdeánú Inmheánach

Sna scoileanna féin a dhéanfar an caighdeánú inmheánach. Is féidir le scoileanna an t-am is fearr a fhóireann dóibh féin a shocrú. Tá freagracht ar an phríomhoide agus ar an Bhord Gobharnóirí as a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm, ar bhonn cruinn comhsheasmhach, na caighdeáin mheasúnaithe atá curtha i láthair ag CCEA. Ar an dóigh seo, ba chóir gur léiriú beacht ar bhreithiúnais mheasúnaithe agus ar chaighdeáin na scoile iad na samplaí a chuirfear ar fáil don mhodhnóireacht sheachtrach, mar a éilítear.

Le muinín a chothú taobh istigh den chóras agus le múinteoirí a chumasú le breithiúnais chothroma a dhéanamh, moltar go mbeadh múinteoirí as gach bliainghrúpa páirteach sa phlé ar chaighdeáin agus ar dhul chun cinn taobh istigh den scoil. Cuirfidh CCEA réimse d'ábhar treorach agus tacaíochta ar fáil do scoileanna le tacú leis an fhorbairt ghairmiúil maidir le caighdeánú inmheánach.

Nóta: Cuirfidh CCEA treoir neamhreachtúil ar fáil chomh maith agus ábhar i dtaca le measúnú múinteora a dhéanamh ar dhaltaí sa Bhonnchéim agus ar dhaltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu. Cuideoidh sin le cur chuige iomlán scoile a chinntiú maidir leis an mheasúnú, agus le freastal ceart a dhéanamh ar riachtanais daltaí aonair.

4.4 Rialú Cáilíochta: Modhnóireacht Sheachtrach

Ar an fhianaise atá le soláthar faoi choinne modhnóireachta beidh:

- dearbhú ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm sa scoil le teacht ar chomhaontú ar chaighdeáin chomhsheasmhacha (i.e. caighdeánú inmheánach); agus
- líon áirithe samplaí d'obair reatha daltaí ag réimse sonraithe leibhéal.

Eiseoidh CCEA treoir mhionsonraithe bhreise sula gcuirfear na socruithe modhnóireachta i bhfeidhm.

Aguisíní

Aguisín 1: Reachtaíocht agus Ciorcláin na Roinne Oideachais

Rialacháin	Ciorclán na Roinne Oideachais
Rialacháin Oideachais (Tuairisciú agus Taifid Daltaí) (Tuaisceart Éireann) 2009, Uimh. 231	Ábhar: Rialúcháin Tuairiscithe Dalta 2009 Uimhir Ciorcláin: 2009/15 Dáta Eisiúna: 11 Samhain 2009
Ordú Oideachais (TÉ) 2007 (Socruithe Measúnaithe) (An Bhonnchéim go dtí Eochairchéim 3), Uimh. 45	Ábhar: The Education (2006 Order) (Commencement No. 1) Order (NI) 2007 Uimhir Ciorcláin: 2007/06 Dáta Eisiúna: 5 Feabhra 2007
Ordú Oideachais (TÉ) 2006, Uimh. 1915	Ábhar: The Education (2006 Order) (Commencement No. 1) Order (NI) 2007 Uimhir Ciorcláin: 2007/06 Dáta Eisiúna: 5 Feabhra 2007 Ábhar: The Education (2006 Order) (Commencement No. 2) Order (NI) 2007 Uimhir Ciorcláin: 2007/20 Dáta Eisiúna: 27 Meitheamh 2007
Ordú Leasaithe Oideachais (TÉ) 1989, Uimh. 2406, Airteagal 17: Temporary Exceptions for Individual Pupils	Ábhar: Temporary Exceptions from the Statutory Curriculum and Assessment Provisions for Individual Pupils Uimhir Ciorcláin: 1990/45 Dáta Eisiúna: 28 Lúnasa 1990

Aguisín 2: Féinmheastóireacht Scoile ar Chleachtas Measúnaithe (ar mhaithe le cúrsaí léiriúcháin amháin)

Critéir	Táscairí Cáilíochta	Samplaí de réimse fianaise	Is ea/ Ní hea / Forbairt idir lámha	Nótaí trách ta
C1: Polasaí comhtháite scoile	• Tá polasaí scríofa comhaontaithe ann a thuigeann an fhoireann ar fad. • Tá próisis, nósanna imeachta agus cleachtas na scoile, chomh maith le pleanáil forbartha scoile ag teacht leis an pholasaí. • Tá treoir shoiléir ann faoi chuspóirí an mheasúnaithe, na modhanna atá le húsáid, an réimse fianaise agus úsáid na faisnéise ón mheasúnú. • Tá ról gníomhach ag an fhoireann maidir le cur i bhfeidhm an pholasaí. • Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an pholasaí go rialta.	Polasaí Measúnaithe Scoile Plean Forbartha Scoile Polasaithe Scoile Réamheolaire/ suíomh gréasáin scoile		

Critéir	Táscairí Cáilíochta	Samplaí de réimse fianaise	Is ea/ Ní hea / Forbairt idir lámha	Nótaí tráchta
C2: Leanúnachas i mbreithiúnais mheasúnaithe	• Tá nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le caighdeánú inmheánach lena chinntiú go ndéanfar dearbhú cáilíochta ar bhreithiúnais mheasúnaithe reachtúla. • Is féidir breithiúnais mheasúnaithe a chosaint agus modhnóireacht sheachtrach ar bun. • Spreagtar an fhoireann le páirt a ghlacadh i nósanna imeachta modhnóireachta le comhthuiscint a fháil ar chaighdeáin agus le comhsheasmhacht breithiúnas a chinntiú.	Plean Forbartha Scoile Pleananna Gníomhaíochta Athbhreithnith PRSD Miontuairiscí/ nótaí ó chruinnithe inmheánacha ar chaighdeánú Freastal ar chruinnithe áitiúla modhnóireachta Samplaí de thascanna/ ghníomhaíochtaí measúnaithe Samplaí d'obair ar a ndearnadh modhnóireacht		

Critéir	Táscairí Cáilíochta	Samplaí de réimse fianaise	Is ea/ Ní hea / Forbairt idir lámha	Nótaí tráchta
C3: **Forbairt ghairmiúil éifeachtach**	• Spreagtar an fhoireann le páirt a ghlacadh i nósanna imeachta modhnóireachta le cleachtais an mheasúnaithe a mhúnlú agus a fheabhsú. • Bíonn an fhoireann i mbun forbairt agus tacaíocht ghairmiúil leanúnach le cleachtais mheasúnaithe a fheabhsú. • Tá forbairt/oiliúint agus tacaíocht foirne ann le cuidiú leo tuiscint bhreise a fháil ar an mheasúnú agus ar chleachtais mheasúnaithe. • Leagtar amach go soiléir na tosaíochtaí a bhaineann le forbairt foirne agus déantar iad a chomhoiriúnú le riachtanais a shainaithnítear sa Phlean Forbartha Scoile.	Plean Forbartha Scoile Ábhair PRSD Pleananna Gníomhaíochta Cáipéisí pleanála múinteora Obair daltaí		

Critéir	Táscairí Cáilíochta	Samplaí de réimse fianaise	Is ea/ Ní hea / Forbairt idir lámha	Nótaí tráchta
C4: **Feidhm a bhaint as faisnéis/ sonraí ón mheasúnú**	• Tá foghlaim agus teagasc bunaithe ar úsáid éifeachtach na faisnéise ón mheasúnú. • Déantar faisnéis/sonraí ón mheasúnú a anailísiú agus a léiriú go cuí le láidreachtaí agus réimsí atá le feabhsú a shainaithint. • Déantar tacar cuí sonraí a roghnú, a cheapadh agus a anailísiú le feidhmíocht na scoile i leith eochair-réimsí a mheas thar am. • Baintear feidhm chuí as TFC leis an dóigh a n-úsáidtear eochairshonraí ar fheidhmíocht na scoile a cheapadh agus a anailísiú. • Aistriú taifid foghlaimeoirí, go háirithe ón bhunscoil go dtí an iar-bhunscoil, le gur féidir úsáid a bhaint as as a bhfuil bainte amach cheana féin i bpleanáil na foghlama comhleanúnaí.	Anailís ar fhaisnéis/ sonraí ón mheasúnú Taifid/punainn mheasúnaithe Obair daltaí Tacar sonraí comhaontaithe scoile agus amchlár gníomhaíochtaí i bhfeidhm sa scoil Is féidir TFC a úsáid le hanailís ghasta a dhéanamh agus le sonraí a chur i láthair go soiléir sothuigthe Úsáidtear taifid foghlaimeoirí i bpleanáil foghlama		

Critéir	Táscairí Cáilíochta	Samplaí de réimse fianaise	Is ea/ Ní hea / Forbairt idir lámha	Nótaí tráchta
C5: **Cumarsáid le tuismitheoirí/ caomhnóirí**	• Coinnítear taifid mhúnlaitheacha ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil agus tuairiscítear an dul chun cinn le tuismitheoirí/caomhnóirí, mar shampla, tríd an tuairisc bhliantúil agus trí chruinnithe tuismitheoirí. • Tá córas soláimhsithe taifeadta ann ar féidir an fhaisnéis istigh ann a rochtain go furasta. • Iarrtar ar thuismitheoirí tuairimí a nochtadh ar thuairiscí le linn gnáthchumarsáide leis an fhoireann.	Polasaí Scoile ar Thaifeadadh agus ar Thuairisciú Tuairiscí Bliantúla Deiseanna ann le dul i gcomhairle le tuismitheoirí/ cruinnithe a reáchtáil		

C6: **Guth an dalta**	• Tá ról gníomhach ag daltaí sa mheasúnú, ról atá ag brath ar aois, ar chumas agus ar na riachtanais oideachais atá acu. • Glacann daltaí páirt i bhféinmheasúnú agus pléann siad an dul chun cinn atá déanta acu le comhdhaltaí/múinteoirí.	Polasaí Measúnaithe Scoile Obair daltaí Tuairiscí Bliantúla		

Iarthéacs

MÓRPHICTIÚR AN MHEASÚNAITHE AGUS AN TUAIRISCITHE

AIDHM AN MHEASÚNAITHE

Le monatóireacht ar chaighdeáin thar am a éascú mar chuidiú le polasaithe agus cleachtais a fhorbairt ar mhaithe le torthaí daltaí a fheabhsú

PRIONSABAIL
Ba chóir:

1	2	3	4	5
go mbeadh an measúnú ag teacht agus ag tacú le heochairaidhmeanna Churaclam TÉ	go mbeadh an measúnú fóirsteanach don fheidhm	go mbeadh an measúnú soláimhsithe	breithiúnais ghairmiúla mhúinteora a bheith mar chúltaca ag an mheasúnú, breithiúnais atá comhsheasmhach agus iontaofa	go mbeadh an measúnú cuí ag gach leibhéal ar mhaithe le freagracht ar fud an chórais

SPRIOCANNA

DIAGNÓISEACH
Le láidreachtaí agus le réimsí atá le feabhsú a shainaithint agus le faisnéis a chur ar fáil maidir leis na chéad chéimeanna eile

MÚNLAITHEACH
Le feabhsaithe sonraithe a dhéanamh san fhoghlaim trí úsáid a bhaint as faisnéis ón mheasúnú

SUIMITHEACH
Le feidhmíocht agus gnóthachtáil ghinearálta dalta ag am ar leith a aithint, a thaifeadadh agus a thuairisciú

MEASTÓIREACHTA
Le faisnéis a sholáthar do phleanáil curaclaim agus faoi choinne monatóireachta agus freagrachta

CAD É AIR A nDÉANTAR MEASÚNÚ?

Feidhmíocht agus gnóthachtáil daltaí ...

SNA SCILEANNA TRASCHURACLAIM (STC)
Measúnú: samhail dhaingean ina ndéantar modhnóireacht ar bhreithiúnas múinteora

SNA SCILEANNA EILE
(Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta: SSÁP)
Measúnú: tarmligthe do scoileanna

SNA RÉIMSÍ FOGHLAMA (RF)
Measúnú: tarmligthe do scoileanna

RIACHTANAIS A BHAINEANN LE MEASÚNÚ AGUS LE TUAIRISCIÚ

AN BHONNCHÉIM

Measúnú
- Dul chun cinn daltaí i ngach STC a mheasúnú
- Dul chun cinn daltaí i ngach ceann de na Scileanna Eile (SSÁP) a mheasúnú
- Dul chun cinn daltaí i ngach RF a mheasúnú

Tuairisciú
- Tuairisc Bhliantúil
- Cruinnithe Tuismitheoirí
- Athbhreithniú Bliantúil*

EOCHAIRCHÉIM 1 & EOCHAIRCHÉIM 2

Measúnú
- Dul chun cinn daltaí i ngach STC a mheasúnú
- Úsáid a bhaint as tascanna sonraithe CCEA i mBlianta 4 & 7
- Dul chun cinn daltaí i ngach ceann de na Scileanna Eile (SSÁP) a mheasúnú
- Dul chun cinn daltaí i ngach RF a mheasúnú

Tuairisciú
- Tuairisc Bhliantúil
- Torthaí uimhriúla Bhlianta 4 & 7 maidir le STC agus faisnéis bhreise scoile/chórais chuig tuismitheoirí
- Measúnuithe ríomhairithe Bhlianta 4 – 7, téarma an fhómhair
- Cruinnithe Tuismitheoirí
- Athbhreithniú Bliantúil*

EOCHAIRCHÉIM 3

Measúnú
- Dul chun cinn daltaí i ngach STC a mheasúnú
- Úsáid a bhaint as tascanna faofa CCEA i mBliain 10
- Dul chun cinn daltaí i ngach ceann de na Scileanna Eile (SSÁP) a mheasúnú
- Dul chun cinn daltaí i ngach RF a mheasúnú

Tuairisciú
- Tuairisc Bhliantúil
- Torthaí uimhriúla Bhliain 10 maidir le STC agus faisnéis bhreise scoile/chórais chuig tuismitheoirí
- Cruinnithe Tuismitheoirí
- Athbhreithniú Bliantúil/Pleananna Aistrithe*

ÚSÁID A BHAINT AS TORTHAÍ MEASÚNAITHE LEIS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE A PHLEANÁIL

AG LEIBHÉAL RANGA:	Cén leibhéal ag a bhfuil na daltaí anois?	Cad é an chéad leibhéal eile ag ar chóir dóibh a bheith ag obair (agus go leor dúshláin a bheith ann)?	Cad iad na straitéisí is fearr le cuidiú le daltaí 'na chéad chéimeanna eile' a bhaint amach san fhoghlaim?
AG LEIBHÉAL COMHORDAITHEORA:	Cad é mar atá an fheidhmíocht sa réimse freagrachta s'agamsa i gcomparáid le treochtaí le trí bliana anuas?	Cad é mar atá an fheidhmíocht sa réimse freagrachta s'agamsa i gcomparáid le feidhmíocht i réimsí eile curaclaim?	Cad iad an tosaíochtaí maidir le soláthar a fheabhsú taobh istigh den réimse freagrachta agam?
AG LEIBHÉAL IOMLÁN SCOILE:	Cad é mar atá an fheidhmíocht sa scoil againne i gcomparáid le treochtaí le trí bliana anuas?	Cad é mar atá an fheidhmíocht sa scoil againne i gcomparáid le scoileanna i gcúinsí cosúla?	Cad iad na tosaíochtaí iomlán scoile le torthaí daltaí a fheabhsú, go háirithe i dtaca le Litearthacht agus le hUimhearthacht?

* An Cód Cleachtais maidir le Sainriachtanais Oideachais a Aithint agus a Mheas ORDÚ OIDEACHAIS (TÉ) 1996 1 Meán Fómhair 1998

Foilseachán de chuid CCEA © 2011

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning